2026/2568

16.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2568 ÓN gCOMHAIRLE

an 16 Samhain 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/386 lena mbunaítear bearta sriantacha i gcoinne Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne agus ina gcoinne siúd a thacaíonn lena ngníomhaíochtaí foréigneacha, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/386 ón gComhairle an 19 Eanáir 2024 lena mbunaítear bearta sriantacha i gcoinne Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne agus ina gcoinne iad siúd a thacaíonn lena ngníomhaíochtaí foréigneacha, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin [1], agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/386.

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó Hamas agus ó Jiohád Ioslamach na Palaistíne, ba cheart duine amháin agus eintiteas amháin a chur le liostaí na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/386 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

[1] IO L, 2024/386, 19.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/386/oj.

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386 mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’, cuirtear an iontráil seo a leanas leis:

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘23.	Mustafa Moin AYASH مصطفى معين عياش ar a dtugtar freisin Mustafa Moen AYYASH, Mustafa AIASH	Dáta breithe: 18.9.1992 Áit bhreithe: Gaza Inscne: fireann Doiciméad Taistil na hOstaire le haghaidh Dídeanaithe: uimh. K1518177 Pas Palaistíneach: uimh. 6080310 Pas Palaistíneach: uimh. 6214861	Is é Mustafa Moin Ayash bunaitheoir na heagraíochta nuachta meán sóisialta Gaza Now, a d’iarr tabhartais do Hamas, lena n-áirítear trí chriptea-airgeadra. Dá bhrí sin, bíonn sé rannpháirteach i maoiniú Hamas.	16.11.2026’

(2) faoin gceannteideal ‘B. Daoine dlítheanacha, grúpaí, eintitis agus comhlachtaí’, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

	Ainm	Faisnéis Aitheantais	Ráiteas ar chúiseanna	Dáta an liostaithe
‘4.	Gaza Now غزة الآن	Príomháit ghnó: an Eoraip	Is ardán nuachta meán sóisialta é Gaza Now a bhunaigh Mustafa Moin Ayash, ar a n-iarrtar tabhartais do Hamas. Dá bhrí sin, bíonn sé rannpháirteach i maoiniú Hamas.	16.11.2026’